

SCÉAL



AMIR A

Le Amy Bloomfield agus Becky Marcus
An tÁisaonad a chuir in oiriúint don Ghaelscolaíocht



Coláiste Ollscoile
Naomh Muire
Béal Feirste
An tÁisaonad



Urraithe ag
Foras na Gaeilge



Fóram Frith-Bhulaíochta
Thuaisceart Éireann
Ag comhoibriú le deireadh a chur
leis an bhulaíocht



Haigh! Is mise Amira agus tá mé naoi mbliana d'aois. Bhí ar an teaghlach s'agam bogadh anseo go hÉirinn. Mar sin de, tá achan rud úrnua dom anseo.

Is as an tSiria dom. Tá cuma rud beag difriúil orm leis na comharsana nua s'agam, agus leis na daoine eile ar scoil. Caithim éadaí rud beag difriúil, ithim bia difriúil agus déanaimse féilte difriúla a cheiliúradh. Labhraímid teanga dhifriúil sa bhaile - ní raibh Gaeilge ná Béarla agam nuair a tháinig mé anseo.

Is breá liom an scoil nua s'agam ach ba mhaith liom scéal a insint daoibh faoi rud a tharla dom.

Nuair a tháinig mé anseo ar dtús, rinne daoine bulaíocht orm mar gheall ar an chuma a bhí orm...mar go raibh mé difriúil.



Sa chlós súgartha...

Dúirt daoine rudaí suaracha liom, dúirt siad liom nár cheart dom a bheith anseo, mar nach as an áit seo mé.

Níor lig grúpa cailíní dom bheith ag súgradh leo. Dúirt siad nach dtuigfinn na rialacha.

Ní raibh a fhios acu go bhfuil mo chroí istigh sa scipeáil, sin an caitheamh aimsire is fearr a bhí agam sa bhaile.

Dá nglacadh siad an t-am le haithne a chur orm, in áit a n-intinn a dhéanamh suas bunaithe ar an chuma a bhí orm, thiocfadh linn uilig bheith ag súgradh le chéile.

BIALANN

IUCC!
Cad é
atá sise
a ithe?



Sa bhialann...

Bhí cuid de na páistí ag spochadh asam mar nár ith mé na rudaí céanna leosan. Ní raibh mé ábalta béilí scoile a ithe mar gheall ar mo chreideamh. Rinne mo mhamaí lón dom achan lá. Shíl daoine go raibh an bia s'agam iontach difriúil, agus iontach aisteach. Ní raibh daoine sásta suí in aice liom. Mhottaigh mé iontach uaigneach.


Bhí an-dúil agam sa bhia a chuir mo mhamaí isteach liom. Bhí mé ag iarraidh é a roinnt le gach duine. Bhí a fhios agam, dá mbainfeadh daoine triail as, go mbeadh dúil acu ann.



Nuair a tháinig Mamaí agus Daidí le mé a thógáil ón scoil, rinne daoine magadh faoina gcuid éadaí. Thosaigh roinnt daoine a scaipeadh ráflaí faoi dtaobh den teaghlach s'agam, mar gheall ar na héadaí a chaith muid.

Chuir sé seo as domsa ach chuir sé isteach go mór fosta ar Mhamaí agus Daidí. Baineann na héadaí a chaithimid lenár gcultúr. Tá mo thuismitheoirí bródúil as a gcultúr. Níor chuir duine ar bith ceist orm riamh, *cad chuige a gcaitheann siad éadaí mar sin?* Níor thuig siad gur rud tábhachtach dúinn é agus go mbaineann sé leis an chultúr s'agam. Rinne daoine bulaíocht orm mar gheall air seo.

Mhathaigh mé gan chumhacht. Níor thuig mé cén fáth a gcaithfeadh daoine go holc liom mar gheall ar mo theaghlach, agus na héadaí a chaith muid.




An oíche sin, labhair mé le Mamaí agus Daidí faoin mhéid a bhí ag tarlú. Labhair mé faoi na rudaí a dúirt daoine ar scoil. Mhínigh Mamaí dom gur cineál bulaíochta a bhí ann - rud a dtugann daoine ciníochas air. Seo nuair a chaitheann duine amháin go holc le duine eile mar gheall ar dhath a chraicinn, a chúlra cultúrtha, a chúlra creidimh nó an tír arb as dó nó di.

Thaispeáin Daidí scéalta nuachta dom ó áiteanna difriúla ar domhan. Daoine a bhí ag caitheamh go holc le daoine eile agus go fiú á ngortú, mar go raibh siad difriúil.

Ní thiocfadh liom a chreidbheáil go raibh sé seo ag tarlú domsa. Bhí a fhios agam go raibh orm rud éigin a dhéanamh faoi.


An chéad mhaidin eile, dúirt mé leis an mhúinteoir. Bhí eagla orm. Bhí mé neirbhíseach. Ach, tá áthas orm anois go ndearna mé é.



Thosaigh muid a fhoghlaim faoin bhulaíocht agus faoin chiníochas sa rang. D’amharc muid ar na rudaí uilig a dhéanann difriúil muid le daoine eile. Tá muid uilig difriúil. Dá mbeadh gach duine go díreach mar an gcéanna, bheadh an saol iontach leadránach!

D’fhoghlaim muid faoi chultúir dhifriúla agus faoi chreidimh agus féilte in áiteanna difriúla ar domhan. Rinne muid cuid de na féilte seo a cheiliúradh.

In amanna, bíonn daoine in amhras faoi rudaí nó daoine nua, mar nach bhfuil go leor ar eolas acu fúthu. B’fhéidir nach bhfaca siad cultúr nua roimhe nó nár bhuail siad le duine a raibh cuma dhifriúil air nó uirthi. Ní bhíonn le déanamh ach rud beag ama a ghlacadh le cúpla rud a fhoghlaim fúthu. Tuigfidh siad, cé go bhfuil rudaí difriúil ann fúthu, go bhfuil go leor rudaí mar an gcéanna fosta.



Tá mise breá sásta ionam féin. Tá mé bródúil as mo theaghlach agus as mo chúlra agus mo dhúchas - sin an rud a fhágann gur mise *mé féin* - sin an rud a thugann féiniúlacht dom.

I ndiaidh dúinn bheith ag foghlaim faoi chultúir eile agus faoin chiníochas ar scoil, shínigh muid uilig Cairt Ranga. Gheall muid uilig go ndéanfadh muid ár sciar féin leis an bhulaíocht a stopadh. Bhí dúil agam i gcónaí sa scoil, ach is fearr i bhfad anois í. Tá a fhios agam go bhfuil mé difriúil - ach tá muid uilig difriúil!

Tá sé in am againn uilig, anois, **LABHAIRT**, **ÉISTEACHT** agus **GNÍOMHÚ**. **LABHAIR** faoin chiníochas le gaolta agus cairde.

ÉIST le daoine ar chuir an ciníochas isteach orthu, le go dtuigfidh muid a gcuid mothúchán.

GNÍOMHAIGH, má fheiceann tú duine atá thíos leis an bhulaíocht, de chineál ar bith. Abair le múinteoir agus déan do sciar féin.